**Ceist tosaíochta i gcomhair freagra i scríbhinn P-002318/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 138

**Marie Toussaint** (Verts/ALE), **David Cormand** (Verts/ALE), **Pierre Larrouturou** (S&D), **Mick Wallace** (The Left), **Sirpa Pietikäinen** (PPE), **Ville Niinistö** (Verts/ALE), **Jutta Paulus** (Verts/ALE), **Damien Carême** (Verts/ALE), **Bronis Ropė** (Verts/ALE), **José Gusmão** (The Left), **Marisa Matias** (The Left), **Anne-Sophie Pelletier** (The Left), **Niels Fuglsang** (S&D), **Margrete Auken** (Verts/ALE), **Kira Marie Peter-Hansen** (Verts/ALE), **Petros Kokkalis** (The Left), **Ignazio Corrao** (Verts/ALE), **Ciarán Cuffe** (Verts/ALE), **Cornelia Ernst** (The Left), **Bas Eickhout** (Verts/ALE), **Claudia Gamon** (Renew), **Matjaž Nemec** (S&D), **Rasmus Andresen** (Verts/ALE), **Ernest Urtasun** (Verts/ALE), **Tilly Metz** (Verts/ALE), **Michael Bloss** (Verts/ALE), **Niklas Nienass** (Verts/ALE), **Manon Aubry** (The Left), **Andreas Schieder** (S&D), **Malte Gallée** (Verts/ALE), **Caroline Roose** (Verts/ALE)

Ábhar: Deireadh a chur le gás iontaise de réir a chéile faoi 2040

Cuireadh bearta éigeandála na Comhairle chun feidhme go rathúil chun an t-éileamh ar ghás a laghdú, ar bearta iad a sháraíonn an sprioc de 15 %, agus cuireadh síneadh leo[1] go dtí mí an Mhárta 2024. Léirítear i staidéir[2] go bhféadfaí an laghdú éilimh seo a dhéanamh buan, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí deireadh a chur le gás iontaise de réir a chéile faoi 2040. Níl níos mó ná 6 % gás iontaise ag aon cheann de na cásanna a úsáideann an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide dá chleachtadh samhaltaithe sprice aeráide 2040[3], agus léiríonn cásanna eile go bhfuil sé indéanta deireadh a chur leis de réir a chéile níos luaithe fós[4]. Thairis sin, is cosúil go bhfuil réamhaisnéis REPowerEU maidir le 20 Mt de hidrigin ghlas faoi 2030 ró-ard, ós rud é go n-úsáidfear hidrigin in earnálacha ar deacair iad a leictriú. Léirítear i dtuarascáil Agora 'Briseadh saor ó ghás iontaise'[5] nach mbeidh níos mó ná 4 Mt de hidrigin in-athnuaite sa chóras faoi 2030.

An bhféadfadh an Coimisiún:

1. cás a dhréachtú agus a fhoilsiú, roimh mhí an Mheithimh 2024, chun 100 % d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a bhaint amach faoi 2040, lena n-áirítear bealaí chun deireadh a chur de réir a chéile le gás in earnálacha na cumhachta, an tionscail agus na bhfoirgneamh?

2. creat uile-Aontais a mholadh chun deireadh a chur de réir a chéile le gás thar earnálacha, agus cuspóir 'saor ó ghás iontaise' a bheith fréamhaithe i reachtaíocht?

3. measúnú neamhspleách a dhéanamh ar threochtaí réamh-mheasta san éileamh ar hidrigin inathnuaite in earnálacha tosaíochta[6], lena n-áirítear measúnú ar rátaí úsáide bonneagair, chun treoir a thabhairt do na sócmhainní tréigthe a dhíchoimisiúnú (iad a dhíchóimeáil agus a athchuspórú)?

**Cuiditheoir**[7]

Curtha síos:20.7.2023

[1] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2023/03/28/member-states-agree-to-extend-voluntary-15-gas-demand-reduction-target/.
[2] https://institutdelors.eu/publications/la-securite-dapprovisionnement-gaziere-ga-europe/.
[3] https://climate-advisory-board.europa.eu/reports-and-publications/scientific-advice-for-the-determination-of-an-eu-wide-2040.
[4] https://www.pac-scenarios.eu/.
[5] https://www.agora-energiewende.de/ga/publications/breaking-free-from-fossil-gas-1/.
[6] Cruach, cianiompar (iompar muirí agus eitlíocht).
[7] Tá cuidiú tugtha ag Feisire seachas na húdair don cheist seo:Rosa D'Amato(Verts/ALE)